C/2026/2633

6.5.2026

Fógra le haghaidh Babbar Khalsa, Communist Party of the Philippines, lena n-áirítear Arm Nua an Phobail (NPA), Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC), Ejército de Liberación Nacional ('an tArm um Shaoradh Náisiúnta'), Devrimci Halk Kurtuluş Partisi-Cephesi' – 'DHKP/C' (ar a dtugtar freisin 'Devrimci Sol' ('Revolutionary Left'), (ar a dtugtar freisin 'Dev Sol') ('Revolutionary People's Liberation Army/Front/Party') agus The Base, a áirítear ar liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a chumhdaítear le Cinneadh (CBES) 2026/455 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac

(C/2026/2633)

Dírítear aird Babbar Khalsa, Communist Party of the Philippines, lena n-áirítear New People's Army (NPA), Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC), Ejército de Liberación Nacional ('National Liberation Army'), Devrimci Halk Kurtuluş Partisi-Cephesi' – 'DHKP/C' (ar a dtugtar freisin 'Devrimci Sol' ('Revolutionary Left'), ar a dtugtar freisin 'Dev Sol') ('Revolutionary People's Liberation Army/Front/Party'), agus The Base, ar grúpaí iad a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2026/455 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2026/456 ón gComhairle an 26 Feabhra 2026 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus ar eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac [2].

Is é a bheartaíonn an Chomhairle na bearta sriantacha in aghaidh na ngrúpaí thuasluaite a choinneáil agus ráitis leasaithe ar chúiseanna a bheith ag gabháil leo. Leis seo, cuirtear in iúl do na grúpaí lena mbaineann, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an ráiteas ar chúiseanna atá beartaithe maidir lena n-ainmniú a choinneáil ar bun a fháil, roimh an 13 Bealtaine 2026, ag an seoladh a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh (Faoi bhráid: ainmníochtaí COMET)

An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

(1) IO L, 2026/455, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/455/oj.
(2) IO L, 2026/456, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/456/oj.